**Polasaí:** **Ceannacht agus Soláthar**
**Dáta glactha:** **6ú Feabhra 2024**

**Imchruth**

Míníonn an doiciméad seo nósanna imeachta ceannaíochta agus soláthair CLG na nDúnaibh agus na céimeanna nach mór a ghlacaint nuair a bhíonn ar an chlub earraí, seirbhísí, oibreacha agus nó soláthairtí eile a chéannacht.

**Prionsabail**

Baineann soláthar leis an "luach ar airgead is fearr" a chinntiú. Cé go mbeidh "an luach is fearr ar airgead" mar phríomhchuspóir ag an pholasaí soláthair, tá prionsabail eile ann nach mór cloí leo. Prionsabail mar iad seo a leanas:

- Soláthar Iomaíoch: Ba cheart soláthar a dhéanamh trí chomórtas ach amháin má tá cúiseanna láidre lena mhalairt.
- Éifeachtacht: Ba cheart próisis soláthair a bheith comhlíonta chomh costéifeachtach agus is féidir.
- Neamhchlaontacht: Ba chóir caitheamh go cothrom le soláthraithe agus gan idirdhealú éagórach a dhéanamh eatarthu, chomh maith le rúndacht tráchtála nuair atá gá leis.
- Níor cheart ualaí nó srianta neamhriachtanacha a chur ar sholáthraithe nó ar sholáthraithe ionchasacha.
- Ionracas: Níor chóir go mbeadh aon éilliú nó claonpháirteachas ann le soláthraithe nó le daoine eile.
- Cinnteoireacht Feasach: Ba chóir go mbeadh cinntí bunaithe ar eolas cruinn.
- Trédhearcacht: Ba chóir go mbeadh oscailteacht agus soiléireacht maidir le polasaí soláthair agus a sheachadadh.

Caithfidh gach ball den choiste feidhmiúcháin agus baill CLG na nDúnaibh cloí leis na treoirlínte thuas.

**Róil agus Freagrachtaí:**
Cinnteoidh Cisteoir an Chlub go leanfar nósanna imeachta ceannaigh / soláthair cearta.

**Earraí agus Seirbhísí:**
Sula gcuirtear isteach ordú d'aon earraí, seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí eile, ba chóir don chlub an líon luachan / tairiscintí riachtanacha a fháil ó sholáthraithe / conraitheoirí ionchasacha. Ba chóir do CLG na nDúnaibh cloí leis na treoirlínte soláthair / ceannaigh seo a leanas.

| Luach Ordú | Ceadú | Meastacháin riachtanach. | PO Required |
|---|---|---|---|
| Níos lú ná €500 | Ba chóir é a bheith ceadaithe ag ball d'fheidhmeannach an chlub. | 1 | Níl |

| | | | |
|---|---|---|---|
| €500 - €2,000 | Ba chóir é a bheith ceadaithe ag beirt bhall d'fheidhmeannas an chlub, agus caithfidh duine acu sin a bheith ina chisteoir nó ina chisteoir cúnta. | 1 | Tá |
| €2,000 - €5,000 | Ba chóir é a bheith ceadaithe ag beirt bhall d'fheidhmeannas an chlub, agus caithfidh duine acu sin a bheith ina chisteoir nó ina chisteoir cúnta. | 3 | Tá |
| Thar €5,000 | Ba chóir é a bheith ceadaithe ag coiste feidhmiúcháin an chlub. | 3 | Tá |

Níor chóir dul timpeall ar riachtanais cheadaithe trí ordú a roinnt go saorga i sonraisc iolracha de

mhéideanna níos lú.

**Orduithe Ceannaigh**
Ba chóir orduithe ceannaigh a iarraidh ó chisteoir an chlub in am trátha sula gcuirtear isteach aon ordú.  Ba chóir iarraidh ar sholáthraithe uimhreacha orduithe ceannaigh a chur ar a sonrasc.

**Sonrascú**
Ba chóir na sonraisc leictreonacha uilig a sheoladh chuig cisteoir an chlub treasurer.downings.donegal@gaa.ie